www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2019**

# Irish

## Unit 1: Listening

## Higher Tier

**[GIH12]**

**THURSDAY 9 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Audio ‘beep’ to precede each question

Questions 1 – 8 insert 5 and 10 second pauses

Questions 9 – 12 insert 7 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2019
Irish, Unit 1, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Free time

Nuala and Máirtín talk about a night out.

*F* – A Mháirtín, an ndeachaigh tú amach aréir?

*M* – Chuaigh. Chuaigh mé chuig an rinc scátála le mo chairde. Bhí an-chraic againn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An ndeachaigh tusa amach, a Nuala?

*F* – Chuaigh. Chuaigh mé chuig margadh na Nollag. Cheannaigh mé a lán rudaí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

2 Celebrations

Conal and Aisling make plans to go to a party.

*M* – A Aisling, an mbeidh tú ag an chóisir anocht?

*F* – Bhí sé ar intinn agam Oíche Chinn Bliana a cheiliúradh le mo theaghlach. De ghnáth, tagann an teaghlach le chéile le fáilte a chur roimh an bhliain úr.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Bainfidh tú sult as an chóisir mar beidh ár gcairde uilig ann agus cheannaigh mé tinte ealaíne.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Maith go leor. Beidh mo chol ceathrar ag stopadh againn agus tá gluaisrothar aici. Tabharfaidh sí síob dom.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Go maith. Feicfidh mé ansin thú.

*F* – Cá mbeidh an chóisir?

*M* – Cuirfidh mé an seoladh chugat.

*F* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Feicfidh mé níos moille thú. Tá mé ag dúil go mór leis an mheánóiche.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

3 The wider environment

You hear a news item.

*F* – Fógra tábhachtach anseo do dhaoine atá ag dul ar laethanta saoire go dtí an Iodáil. Bhuail crith talún an tír aréir.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Ní bhfuair duine ar bith bás ach tá a lán daoine gan dídean anocht i gceantar beag darb ainm Ischia.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Is ceantar turasóireachta é an ceantar agus tá sé suite i ndeisceart na tíre.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Tá Cumann na Croise Deirge ag iarraidh cuidiú le muintir na háite ach tá sé iontach deacair mar tá na bóithre dúnta. Gabh ar líne le comhairle a fháil roimh dhul ar laethanta saoire.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Chuir an rialtas eolas ar líne do dhaoine a bhfuil gaolta acu atá ina gcónaí sa cheantar.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Holidays

Orla talks about her holidays.

*M* – Inis dom faoi do laethanta saoire, a Orla.

*F* – Chuaigh mé ar thuras scoile go Londain. Ní raibh mé riamh i Londain roimhe sin. Thaitin an turas go mór liom mar bhí mé le mo chairde an t-am ar fad.

*M* – Cá raibh tú ag stopadh?

*F* – Bhí mé ag stopadh i mbrú óige i lár na cathrach.

*M* – An ndearna tú rud ar bith spéisiúil?

*F* – Rinne mé rudaí difriúla gach lá.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Chuaigh mé chuig iarsmalann lá amháin agus sin an rud is mó a thaitin liom. Chaith mé cúpla uair an chloig san iarsmalann ag amharc ar na pictiúir. Tá spéis agam san ealaín.

*M* – Ar mhaith leat bheith i do chónaí i Londain lá éigin?

*F* – Níor mhaith. Sílim go bhfuil neart le déanamh ann ach, ar an taobh eile den scéal, tá an trácht iontach trom agus tá a lán daoine ann. Is fearr liom bheith i mo chónaí in Éirinn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire le do theaghlach?

*M* – Ní bheidh mar chuaigh mo thuismitheoirí ar thuras mara nuair a bhí mise i Londain. Tá mé sásta mo scíth a ligint anseo sa bhaile. Is féidir liom mo rogha rud a dhéanamh. Tá suim agam sa léitheoireacht agus sa cheol. Tá a lán cairde agam agus téim amach leo. Ní bhím dubh dóite.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

5 School life

Eoghan talks about his school.

*F* – Cá bhfuil tú ar scoil, a Eoghain?

*M* – Tá mé ag freastal ar Scoil Naomh Aodhán. Is scoil bheag í atá suite faoin tuath.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – An maith leat an scoil?

*M* – Is maith liom an saol sóisialta a bhaineann leis an scoil, ach cuireann an obair isteach orm.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cad chuige?

*M* – Tá barraíocht ábhar scoile againn. Ba mhaith liom níos lú ábhar scoile a dhéanamh.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Ní scoláire maith mé. Níl mé ag súil le torthaí na scrúduithe.

*F* – Beidh tú ceart go leor.

*M* – Ní bheidh agus, níos measa arís, ní thuigeann mo thuismitheoirí cé chomh deacair is atá an obair.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Caithfidh tú labhairt le do thuismitheoirí.

*M* – Tá a fhios acu nach bhfuil mé ag iarraidh dul chun na hollscoile. Tá sé ar intinn agam printíseacht a fháil.

*Pause 5 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*F* – An bhfuil siad sásta go leor?

*M* – Tá. Thug siad cead dom sin a dhéanamh ach dúirt siad go bhfuil cáilíochtaí de dhíth orm chomh maith.

*F* – Tá an ceart acu.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

6 Social media

Nóra talks about her phone.

*M* – Cad é mar atá tú, a Nóra?

*F* – Tá mé ar fheabhas mar cheannaigh mo mháthair fón póca nua dom.

*M* – Nach raibh fón maith agat cheana?

*F* – Bhí, ach bhris mé é. Ní raibh fón ar bith agam ar feadh cúpla lá agus bhí mé caillte.

*M* – Tuigim sin.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Tá áthas orm go bhfuil fón úr agam mar is maith liom grianghraif a ghlacadh am ar bith, áit ar bith.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Níl cead agat sin a dhéanamh ar scoil.

*F* – Tá sé sin fíor. Coinním mo ghuthán i mo chasóg agus mé ar scoil.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

7 Health

You hear a doctor talking to her patients.

*F* – A Phóil, cad é a tharla?

*M1* – Bhí mé ag rothaíocht agus thit mé den rothar. Bhuail mé mo cheann ar an bhóthar. Tá pian i mo cheann anois.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Liam, cad é atá ort?

*M2* – Tá mo dhroim nimhneach. Bhog mo sheanmháthair go teach nua. Ghortaigh mé mo dhroim nuair a bhí mé ag iarraidh tolg a thógáil isteach sa teach nua di.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Mháirtín, cad é atá cearr leat?

*M3* – Dhóigh mé mo lámh nuair a bhí mé ag cócaireacht.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Andaí, an bhfuil tú ceart go leor?

*M4* – Níl, a dhochtúir. Ghortaigh mé mo chos nuair a bhí mé ag déanamh garraíodóireachta inné.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

8 Pastimes

Four people talk about their Friday night.

*F* – Cad é a rinne tú oíche Aoine, a Thomáis?

*M* – Chuaigh mé chuig an phictiúrlann le Lára.

*F* – Cad é a chonaic tú?

*M* – Chonaic mé scannán uafáis.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Cad é a rinne tú oíche Aoine, a Mháirín?

*F* – D'imir mé líonpheil. Bhí mé ag imirt i gcomórtas agus bhain muid. Bhí mé thar a bheith sásta.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cad é a rinne tú féin, a Éamainn?

*M* – Ní dheachaigh mé amach mar bhí tinneas orm. Rinne mé an crosfhocal sa nuachtán mar nach raibh rud ar bith maith ar an teilifís.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Cad é a rinne tusa oíche Aoine, a Eibhlín?

*F* – Thug mé cuairt ar mo sheanathair mar tá sé ina chónaí leis féin.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

9 Taisteal

Tá Nuala agus Pádraig san aerfort.

F – A Phádraig, tá moill leathuair an chloig ar an eitilt.

M – Ná habair sin, a Nuala.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Amharc ar an chlár ansin. Beidh an eitilt istigh i nDoire ag meánlae.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Ní chuireann sin iontas orm. Tá an ghaoth iontach láidir.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Rachaidh mé chuig an siopa agus gheobhaidh mé milseáin. Ar mhaith leat rud ar bith?

M – Ba mhaith liom uisce le do thoil.

F – Maith go leor.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

10 Slite beatha

Tá Aoife ag cur síos ar na slite beatha atá ag a teaghlach.

*M* – A Aoife, an bhfuil do mháthair ag obair go fóill?

*F* – Níl. D'éirigh sí as an obair ag deireadh na bliana.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Chaith sí fiche bliain ag teagasc agus bhí dúil mhór aici sa phost. Thaitin na páistí léi.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil d'athair ag obair go fóill?

*F* – Tá. Is meicneoir é. Deisíonn sé carranna.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An maith leis an obair?

*F* – Is breá leis an obair?

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Cad é a dhéanann tú féin, a Aoife?

*F* – Tá mé ag obair in oifig i mbunscoil. Freagraím an guthán agus bím ag obair ar an ríomhaire.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil tú sásta leis an phost?

*F* – Tá. Is maith liom an post mar bíonn an scoil dúnta i mí Lúnasa agus téim go dtí an Spáinn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

11 Lá na máithreacha

Tá grúpa cairde ag cur síos ar na bronntanais a cheannaigh siad.

*M* – A Áine, ar cheannaigh tú bronntanas do do mháthair?

*F* – Cheannaigh. Is maith le mo mháthair bheith i bhfaisean. Chuaigh mé ag siopadóireacht léi agus cheannaigh mé léine agus sciorta di.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – A Chaoimhín, ar cheannaigh tú bronntanas do do mháthair?

*M* – Cheannaigh mé buidéal fíona do mo mháthair. Is maith léi fíon a ól anois agus arís.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – A Phóilín, ar cheannaigh tú bronntanas do do mháthair?

*F* – Cheannaigh mé císte di agus bhí sí iontach sásta.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

12 Mo cheantar

Tá Bríd ag cur síos ar a ceantar.

*F* – Is mise Bríd Uí Choinn. Tá mé pósta le Dáithí agus tá páiste amháin againn. Síle an t-ainm atá uirthi.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Tá bungaló beag againn i gContae Ard Mhacha. Bhog muid go dtí an ceantar seo nuair a bhí Síle óg.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Tá na daoine anseo deas agus chuir siad fáilte romham nuair a tháinig mé chuig an cheantar. Is maith liom comhrá a dhéanamh leo.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Ar an taobh eile den scéal níl dúil ar bith ag m'iníon, Síle, san áit mar níl áiseanna ar fáil do dhaoine óga. Deir Síle nach bhfuil rud ar bith le déanamh sa cheantar agus go mbíonn sí dubh dóite.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Ba mhaith le Síle dul a chónaí i mBaile Átha Cliath i ndiaidh di an scoil a fhágáil. Cuireann sé sin imní orm mar tá saol na cathrach contúirteach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.